

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 3

Oifig an Ard-Aighne

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €2.478 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin in imlitir 25 de 2025 chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm do thréimhsí cuntasaíochta ag tosú ón 1 Eanáir 2025.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar mhaoín, fearas agus trealamh agus amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i ndáil le Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 17 agus Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 31 faoi seach.

Is mar seo a leanas atá na saolréanna fóna agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní caipitil:

<i>Aicme Sócmhainne</i>	<i>Saolré fhóna</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh oifige agus TF	5 bliana	20% in aghaidh na bliana
Troscán agus feistis	10 bliana	10% in aghaidh na bliana
Ceadúnais agus bogearraí TFC a fuarthas agus a forbraíodh	5 bliana	20% in aghaidh na bliana

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig an Ard-Aighne córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Ard-Stiúrthóir/Cheann Oifige. Anuas air sin, is deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán is féidir a chur ar fáil le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais go ndéantar sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus tuairisc mar is ceart a choimeád orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtacht a sheachaint nó a thabhairt chun suntais go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaíthe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm Iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €3.424 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí agus seirbhísí gairmiúla agus ar seirbhísí eile ar conradh in 2025.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar aon chonradh neamhiomaíoch déag sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitr 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh sa bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh), €215,757 san iomlán (gan CBL san áireamh), mar a leagtar amach thíos.

- Bronnadh conradh dar luach €141,481 gan phróiseas iomaíoch le haghaidh seirbhísí dréachtaithe parlaiminte. Measadh é a bheith neamhchomhlíontach mar nach raibh an conradh faoi réir próiseas iomaíoch sa bhliain mar gheall ar chineál speisialaithe na hoibre atá i gceist, fíorphráinn na reachtaíochta atá de dhíth agus gá le clár reachtaíochta an Rialtais a chur ar fáil.
- Bhain an dara conradh dar luach €74,276 le húsáid sheirbhísí fón póca na hOifige. Rinneadh an cinneadh bogadh chuig seirbhís bhainistithe deisce Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Cuirfear tús le cur i bhfeidhm na seirbhíse sin in 2026.

Tá na conarthaí thuas curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil imlitr 40/2002 agus tá tagairt déanta dóibh thuas.

Ghlac an Oifig páirt i roinnt próisis tairisceana le cúpla bliain anuas chun daoine aonair atá cáilithe go cuí a mhealladh le haghaidh seirbhísí dréachtaithe parlaimintigh a chur ar fáil.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig ina sainithnítear agus a ndéantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar ghníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn leathbhliantúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú chuig leibhéil inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus ar na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh próisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don choiste bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthuil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí bainistíochta agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2025.

Damien Moloney

An tOifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Ard-Aighne

24 Márta 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne Tuairim maidir leis an gcuntas leithreasa

Tá athbheithniú déanta agam ar an gcuntas leithreasa maidir le Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas leithreasa

- léargas ceart ar admhálacha agus caiteachas Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh iad sa bhfoirm atá forordaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar Oifig na Ard-Aighne agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach agus ar nithe eile

Tá ráiteas ar an rialú airgeadais inmheánach chomh maith leis an gcuntas leithreasa curtha faoi mo bhráid ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7 Bealtaine 2026

Foscúbhinn atá ag gabháil le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Chuntasaíochta

Tá an tOifigeach Chuntasaíochta freagrach as

- an gcuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus treoracha eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chur i bhfeidhm a chinneann an tOifigeach Chuntasaíochta atá riachtanach d'fhonn an cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chálaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Dháil Éireann ag maíomh cibé acu, i mo thuairimse, a thíolacann nó nach dtíolacann an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vótáil.

Is é an cuspoir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil an cuntas leithreasa tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chálaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na Cllna, ar mhírítis ábhartha nuair is ann dóibh. Is féidir le ráitis neamhchruinne teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó san iomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na Cllna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar an gcuntas leithreasa, cibé acu atá sé mar thoradh ar chálaois nó ar earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chálaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cibé ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin nó nár comhlíonadh.

Foscúibhinn atá ag gabháil le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (ar lean)

Déanaim teagmháil leis an Oifigeach Cuntasáíochta maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasáíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach

Ní bhaineann an tuairim a thugaim ar an gcuntas leithreasa le ráiteas an Oifigigh Chuntasáíochta ar rialú airgeadais inmheánach agus ní thugaim aon dheimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, tá sé de cheanglas orm faoi na CIlInna an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis ann ag teacht go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Lorgaím fianaise faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu a thuairisciú faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú, gach bliain, ar cibé nithe a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa de réir mar a mheasaim a bheith iomchuí. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha don chaibidlí/do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bhliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Cuntas Leithreasa 2025			
		2025	2024
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do ranna agus d'oifigí.	26,266	23,794
			22,112
Ollchaiteachas	26,266	23,794	22,112
<i>Le hAsbhaint</i>			
B	Leithreasaí i gcabhair	746	752
			779
Glanchaiteachas	25,520	23,042	21,333

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Farasbarr le géilleadh	2,477,547	2,720,190

Damien Moloney
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

24 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

		2025	2024
	€000	€000	€000
Costas an chláir		3,298	2,700
Pá		16,723	15,172
Neamhphá		3,773	4,240
Ollchaiteachas		23,794	22,112
<i>Le hAsbhaint</i>			
Leithreasaí i gcabhair		752	779
Glanchaiteachas		23,042	21,333
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
<i>Réadmhaoin, fearas agus trealamh</i>			
<i>(nóta 2.1)</i>			
Ceannacháin	—		
Dímheas	74		
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>			
Ceannacháin	—		
Amúchadh	13		
		87	109
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	170		
Méadú ar speansais fhabhráithe	122		
		292	387
Caiteachas díreach a vótáladh		23,421	21,829
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		3,835	4,414
Measchíos		1,000	791
Glanchoistas an chláir		28,256	27,034

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanachaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 3 a tabhaíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,837	3,186
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	273	548
Vóta 18	Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta	122	16
Vóta 20	An Garda Síochána	286	250
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	18	16
An Príomh-Chiste – pinsin i ndáil le hiarArd-Aighní		299	398
		3,835	4,414

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, fearas agus trealamh	2.1	133	207
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	—	13
		133	220
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíochtaí	2.3	514	684
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	354	335
		868	1,019
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Banc agus airgead tirim		185	287
Speansais fhabhráithe	2.5	957	835
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	11	1
Glanmhaoiniú Státchiste	2.7	158	47
		1,311	1,170
Glan dlíteanais reatha		(443)	(151)
Glan(dlíteanais) / Glansócmhainní		(310)	69
Arna Léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.8	(310)	69

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^a			
Ag an 01 Eanáir 2025	1,236	1,651	2,887
Suimeanna Breise	—	—	—
Díúscairtí	—	(8)	(8)
Ag an 31 Nollaig 2025	1,236	1,643	2,879
Dímheas carntha			
Ag an 01 Eanáir 2025	1,048	1,632	2,680
Dímheas don bhliain	70	4	74
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(8)	(8)
Ag an 31 Nollaig 2025	1,118	1,628	2,746
Glansócmhainní			
Ag an 31 Nollaig 2025	118	15	133
Ag an 31 Nollaig 2024	188	19	207

Nóta ^a Áirítear roinnt sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Ag an 01 Eanáir 2025	171	171
Suimeanna Breise	—	—
Ag an 31 Nollaig 2025	171	171
Amúchadh carntha		
Ag an 01 Eanáir 2025	158	158
Amúchadh don bhliain	13	13
Ag an 31 Nollaig 2025	171	171
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2025	—	—
Ag an 31 Nollaig 2024	13	13

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Tacaíocht bogearraí	270	495
Seirbhísí Leabharlainne	178	148
Réamhíocaíochtaí eile	66	41
	514	684

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Oifig na nOibreacha Poiblí	—	1
Scéim maidir le pas infhorchúitithe taistil	14	7
Cuntas ar chostais comhroinnte	6	31
Rialú tuarastal	329	282
Iarmhéideanna dochair eile	5	14
	354	335

2.5 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Saineolas dlí ar conradh	34	29
Costais riaracháin eile	105	106
Fabhruithe a bhaineann le párolla (nóta 2.10)	818	700
	957	835

2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Méideanna atá dlite don Stát		
Bliain oibre níos giorra	1	1
Ranníocaíochtaí pinsin	10	—
	11	1

2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	2,478	2,720
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,320)	(2,673)
Glanmhaoiniú Státchiste	158	47
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	354	335
	354	335
Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(11)	(1)
Banc agus airgead tirim	(185)	(287)
	(196)	(288)
	158	47

2.8 Cuntas an mhaoinithe stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		69	565
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	25,520	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(2,478)	
Glanvóta		23,042	21,333
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	3,835	4,414
Míreanna neamhairgid - measchíos	1	1,000	791
Glanchostas an chláir	1	(28,256)	(27,034)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		(310)	69

2.9 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
Ceangaltais domhanda		
ag an 31 Nollaig		
Earraí agus seirbhísí a fháil	708	1,250

2.10 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasafóichta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeán chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
ag an 31 Nollaig		
Fabhrú párolla ^a	—	(463)
Fabhrú saoire bliantúla ^a	—	(237)
	—	(700)

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	18,350	16,723	15,172
ii	Taisteal agus cothabháil	200	256	121
iii	Oiliúint agus forbairt	290	316	354
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil	750	683	697
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF	1,676	1,667	1,873
vi	Speansais áitribh	400	266	252
vii	Athbheithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	40	31	59
viii	Saineolas dlí ar conradh	925	366	416
		22,631	20,308	18,944

Athrúcháin shuntasacha

Leagtar amach san nótaí seo a leanas eolas ar na cúiseanna atá le hathrúcháin shuntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

vi Speansais áitribh

Soláthar meastacháin €400,000; toradh €266,000

Sábháladh €134,000 toisc go raibh costais fónais, costais glantacháin oifige agus costais deisiúcháin agus cothabhála foirgnimh níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis.

viii Saineolas dlí ar conradh

Soláthar meastacháin €925,000; toradh €366,000

Sábháladh €559,000 toisc go raibh íocaíochtaí le dréachtóirí seachtracha agus le dréachtóirí parlaiminte comhairliúcháin i bhfad níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Cuireadh maoiniú €125,000 milliúin ar fáil don bhliain faoin bhfotheideal seo le go mbeadh an Oifig in ann comhairle a lorg, dá mba ghá, ó dhréachtóirí seachtracha a dhéanann speisialtóireacht i réimse áirithe dlí le go mbeadh níos mó ama ag baill na hOifige chun tabhairt faoi thascanna laethúla eile. Chuirfeadh an cistiú breise ar chumas an Stáit freisin aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar dhlíthíocht agus í a chosaint i gcás inar gá. Sa deireadh ní raibh aon chaiteachas ag an Oifig maidir le hiarrataí ó dhréachtóirí seachtracha comhairle a fháil faoi réimsí áirithe dlí agus maidir leis an ngá aghaidh a thabhairt ar dhlíthíocht agus dlíthíocht a chosaint le linn 2025. Bhí an t-iarhmhéid de €800,000 mhilliún le hóc le dréachtóirí parlaiminte comhairleacha don bhliain. Rinneadh coigilteas €434,000 mar go raibh níos lú ná an riachtanas a rabhthas ag súil leis le haghaidh seirbhís na ndr éachtóirí parlaiminte comhairleacha le linn 2025.

Clár A Seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá	18,350	16,723	15,172
A.2	Riarachán - neamhphá	4,281	3,585	3,772
A.3	Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta	95	95	85
A.4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	3,350	3,298	2,700
A.5	Speansais ghinearálta dlí	190	93	307
A.6	<i>Rialacháin phleanála a aontú agus a athbhreithniú</i>	—	—	76
		26,266	23,794	22,112

Nóta 4 Fáltais agus Luach Saothair

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2025	2024
		Soláthar meastacháin	Réadaithe
		€000	€000
1	Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	742	677
2	Earraí Ilghnéitheacha	4	102
		746	779

4.2 Ionam an Vóta

Is ionann leithreasaí i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhráithe.

	2025 €000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalairte	
Deontas an Phríomh-Chiste	23,042
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	730
Fáltais ilghnéitheacha	22
Ioncam iomlán	23,794
 Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasuithe i gcabhair (nóta 4.1)	752
Deontas an Phríomh-Chiste	23,042
	23,794

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Ag an 31 Nollaig	2025	2024
Oifig an Ard-Aighne	171	160
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí	26	24
	197	184

5.2 Pá – Oifig an Ard-Aighne

	2025	2024
	€000	€000
Pá	15,060	13,720
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	83	73
Liúntais eile	29	16
Ragobair	25	21
ÁSPC an Fhostóra	1,526	1,342
	16,723	15,172

5.3 Pá – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

	2025	2024
	€000	€000
Pá	1,750	1,494
ÁSPC an Fhostóra	153	124
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	5	—
	1,908	1,618

Nóta ^a Fuair an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deontas €3.298 milliún faoi fhotheideal A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (€2.7 milliún in 2024). Is é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a chuir na figiúirí pá a tuairiscíodh thuas ar fáil.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – Oifig an Ard-Aighne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2025	2024
			€	€
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	9	3	25,364	24,551
Liúntais eile	10	1	11,650	9,092
Ragobair	6	1	21,799	20,603
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	2	23,953	9,243

5.5 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2025	2024
			€	€
Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1	—	5,430	—
Liúntais eile	—	—	—	—
Ragobair	—	—	—	—
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	—	—	—	—

5.6 Bandáí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon fhostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fhostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandáí pá (€)		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2025	2024
20,000	59,999	69	63
60,000	69,999	9	17
70,000	79,999	18	12
80,000	89,999	10	19
90,000	99,999	17	11
100,000	109,999	9	15
110,000	119,999	17	6
120,000	129,999	8	7
130,000	139,999	8	5
140,000	149,999	—	1
150,000	159,999	—	—
160,000	169,999	—	1
170,000	179,999	2	1
180,000	189,999	9	8
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	219,999	1	—
220,000	229,999	—	—
230,000	239,999	—	2
240,000	249,999	2	—

5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	246	237

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais a bunaíodh i ndiaidh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

5.8 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €77,834 i ndáil le costais tuarastail oifigh amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig go dtí an 31 Márta 2025 ar fad agus arbh í an Oifig a d'íoc a thuarastal leis.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 51 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2025 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus arbh iad na ranna/oifigí óstaí a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

5.9 Scaoilíocaíochtaí

Ní raibh aon scaoilíocaíochtaí in 2025.

5.10 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	16	11,285	17,736
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	1	3,116	7,908